



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Teastas Sóisearach 2015**

**Scéim Mharcála**

**Gaeilge**

**Ardleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntíú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítar dréachtscéim mharcála roimh an scrídú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon ionlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacracha an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla ná malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrídú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.
2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.
3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhórána éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.
4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.
5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanaigh 8 & 9 den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúnas réasúnta ceadaithe dóibh.

# PÁIPÉAR 1

(150 marc)

## ROINN I

## AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

**40 MARC**

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn de réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

### Cuid A (16 marc)

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 8] = 16 mharc.**

### Cuid B (12 marc)

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

### Cuid C (12 marc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

**A + B + C = 40 marc**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid 2 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

## ROINN II

## LÉAMHTHUISCINT

**40 MARC**

### Ceist 1 (40 marc)

Freagair **A agus B** anseo.

**A.** (20 marc)

Tá **cúig** cheiste, (i) – (v) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceisteanna (i), (iii) & (iv):

**(a) 2 + (b) 2 = [4 mharc x 4] = 16 mharc.**

I gcás ceiste (i) is mar seo a dháilfear na marcanna: (**a**) An post → 2 agus (**b**) An tir → 2

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (ii) & (v): **[2+2] = 4 mharc.**

**[4 mharc x 5] = 20 marc**

### B. (20 marc)

Tá **cúig** cheiste, (i) – (v) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (**a**) agus (**b**), le freagairt i gcás ceiste (i): **(a) 2 + (b) 2 = 4 mharc.**

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceistenna (ii) agus (iii) : **(2+2) x 2 = 8 marc**

Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (iv) **= 4 mharc.**

Tá freagra **ceart amháin** ar cheist (v) **= 4 mharc.**

**[4 mharc x 5] = 20 marc**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid 2 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

**Ceist 2 (20 marc)**

Freagair A *agus* B anseo.

**A. (10 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.

Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.

Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.

$$[2 \text{ mharc} \times 5] = \underline{\underline{10 \text{ marc.}}}$$

**B. (10 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.

Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.

Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.

$$[2 \text{ mharc} \times 5] = \underline{\underline{10 \text{ marc.}}}$$

$$\underline{\underline{A + B. = 20 \text{ marc}}}$$

Bheifí ag suíl, sa mharcáil anseo, le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna do chumas Gaeilge.

**Ceist 3. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Stíl:** = 2 mharc.

**Ábhar:** = 8 marc.

**Gaeilge:** = 40 marc.

$$\text{Iomlán: } 2 + 8 + 40 = \underline{\underline{50 \text{ marc.}}}$$

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B agus C**.

## PÁIPÉAR II

(90 marc)

**ROINN I**

**PRÓS LITEARTHA**

**30 MARC**

### Ceist 1. (15 mharc)

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint:**      4 mharc x 3 = 12.

**Buntuiscint:**

**(i) = 4 mharc**

**(ii) = 4 mharc**

**(iii) = 4 mharc**

**Léirthuiscint:**

**(i) dhá shampla den bhulaíocht (2 + 2) = 4 mharc**

**(ii) tréithe amháin = 2 + léiriú 2 = 4 mharc**

**(iii) dhá phíosa eolais (2 + 2) = 4 mharc**

- **Gaeilge:** as 3 mharc

**Iomlán = (4 x 3) + 3 = 15 mharc.**

### Ceist 2. (15 mharc)

**A (i) agus B (i)**

<b>Teideal an tsaothair</b>	=	1 mharc
<b>Ainm an údair</b>	=	<u>1 mharc</u>
		2 mharc

**A (ii) agus B (ii)**      **Ábhar:** 5 mharc  
**Gaeilge:** 8 marc  
                                   15 mharc

**A nÓ B = 1+1+5+8 = 15 mharc**

=====

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Eolas: 4 mharc** ( $4 \times 3$ ) = **12 mharc.**
- **Gaeilge: as 3 mharc**

**Buntuiscint:**

- (i) **dhá** phointe eolais =  $2+2$  = **4 mharc**
- (ii) **dhá** phointe eolais =  $2+2$  = **4 mharc**
- (iii) **dhá** phointe eolais =  $2 + 2$  = **4mharc**

**Léirthuiscint:**

- (i) **dhá** phointe eolais =  **$2 + 2 = 4$  mharc**
- (ii) **dhá** phointe eolais =  **$1 + 1 + 2 = 4$  mharc**
- (iii) **dhá** phointe eolais =  **$2 + 2 = 4$  mharc**

$$\text{Iomlán} = (4 \times 3) + 3 = \underline{\underline{15 \text{ mharc}}}$$

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i) agus B (i)**

<b>Teideal an dáin</b>	=	1 mharc
<b>Ainm an ffile</b>	=	<u>1 mharc</u>
		<b>2 mharc</b>

**A (ii) agus B (ii)**

<b>Ábhar</b>	=	<b>5 mharc</b>
<b>Gaeilge</b>	=	<b>8 marc</b>

$$\text{A } n\ddot{o} \text{ B : } 1 + 1 + 5 + 8 = \underline{\underline{15 \text{ mharc.}}}$$

=====

**Ceist 5**

Tá A, B agus C ar cómharc

- **Foirmlí:** 3 mharc
- **Ábhar:** 10 marc
- **Gaeilge:** 17 marc

$$\left. \begin{array}{l} F = \\ A = \\ G = \end{array} \right\}$$

$$3 + 10 + 17 = \underline{\underline{30 \text{ marc.}}}$$

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1. Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

**Seoladh:** 1 mharc  
**Beannú:** 1 mharc  
**Críoch:** 1 mharc

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

3.

**Eolas**

**Gaeilge**

**Na cúig thasc comhlíonta**

Marc as 10

Marc as 17

**Ceithre thasc comhlíonta**

Marc as 8

Marc as 14

**Trí thasc comhlíonta**

Marc as 6

Marc as 11

**Dhá thasc comhlíonta**

Marc as 4

Marc as 8

**Tasc amháin comhlíonta**

Marc as 2

Marc as 5

4. Litreacha neamhfhoirmeálata is ea A agus B. [Beannú; Críoch]

Litir fhoirmeálta is ea C. [Beannú; Críoch]

## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruthe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáth shlá, de réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

### PÁIPÉAR 1 (S.7)

ROINN III	AN TRIAIL CHLUASTHUISCEANA	40 MARC
-----------	----------------------------	---------

**Treoir:** Ní bhaintear marc ar bith maidir le Gaeilge lochtach.

ROINN III	TRIALACHA TEANGA COMHTHEACSÚLA	20 MARC
-----------	--------------------------------	---------

### Ceist 2 (20 marc)

**Treoir:** Glactar leis an bhfreagra chomh fada agus atá comhréir na habairte agus an fhoghraíocht i gceart.

ROINN IV	CEAPADÓIREACHT	50 MARC
----------	----------------	---------

### Ceist 3 (50 marc)

**Ábhar:** 8 marc. **Stíl:** 2 mharc. **Gaeilge:** 40 marc.  $8 + 2 + 40 = 50$  marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$10 - 14: + 1. \quad 15 - 24: + 2. \quad 25 - 34: + 3.$$

$$35 - 36: + 4. \quad 37, 38, 39 > 40.$$

### PÁIPÉAR II (S.8)

ROINN I	PRÓS LITEARTHA	30 MARC
---------	----------------	---------

### Ceist 1.

Trí cheist: **Tuiscant:** 4 mharc.

**Gaeilge:** 1 mharc.

**Treoir:** Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar thuiscint.

### Ceist 2.

**Gaeilge:** 8 marc.

**Treoir:** An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$2 - 4: + 1. \quad 5 - 6: + 2. \quad 7 > 8.$$

**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.  
**Gaeilge:** 1 mharc.

**Treoir:** Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge:** 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$2 - 4: + \mathbf{1}. \quad 5 - 6: + \mathbf{2}. \quad 7 > \mathbf{8}.$$

**Ceist 5.**

**Gaeilge:** 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$4 - 7: + \mathbf{1}. \quad 8 - 11: + \mathbf{2}. \quad 12 - 14: + \mathbf{3}. \quad 15, 16 > \mathbf{17}.$$

**Aguisín**

**Freagraí Samplacha**

**PÁIPÉAR 1**  
(150 marc)

**ROINN I**

**AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA**

**40 MARC**

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn de réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

**Cuid A (16 marc)**

**AN CHÉAD CHAINTEOIR**

Conas atá sibh? Seán Tóibín is ainm dom. Is as Gaeltacht na nDéise i gContae Phort Láirge mé. Is áit aoibhinn í m'áit dúchais agus tagann a lán cuairteoirí anseo i rith an tsamhraidh. Tá deartháir amháin agam. Tá sé ocht mbliana d'aois. Is maith leis an banna ceoil One Direction. Is breá liom féin spórt agus imrím sacar agus cispheil.

Ainm	<i>Seán Tóibín</i>
<b>Cad as do Sheán?</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <i>Is as Gaeltacht na nDéise i gContae Phort Láirge é.</i></li> <li>• <i>Gaeltacht.</i></li> <li>• <i>Na Déise.</i></li> <li>• <i>(Contae) P(h)ort Láirge.</i></li> <li>• <i>An Rinn.</i></li> <li>• <i>Rinn Ó gCuanach.</i></li> </ul>
<b>Luaigh rud <u>amháin</u> faoi áit dúchais Sheáin.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <i>Is áit aoibhinn í.</i></li> <li>• <i>Is Gaeltacht í.</i></li> <li>• <i>Téann a lán cuairteoirí ann.</i></li> </ul>
<b>Cén banna ceoil is maith le deartháir Sheáin?</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <i>One Direction /1D</i></li> </ul>
<b>Luaigh spórt <u>amháin</u> a imríonn Seán.</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <i>sacar.</i></li> <li>• <i>cispheil.</i></li> </ul>

Nótaí:

---



---



---



---



---

## 1. AN DARA CAINTEOIR

Dia is Muire daoibh. Is mise Natalia Jablonski. Sa Pholainn a rugadh mé sa bhliain 2002. Tháinig mo thuismitheoirí go hÉirinn in 2005. Ta mé i mo chónaí i Mullach Íde i gContae Bhaile Átha Cliath. Táim ag freastal ar ghaelscoil. Tá cúigear i mo theaghlach, mo mháthair, m'athair, mo bheirt deirfiúracha agus mé féin. Taitníonn an t-amhránaí, Ed Sheeran, thar barr liom.

Ainm	<i>Natalia Jablonski</i>
<b>Cén bhliain a rugadh Natalia?</b>	<ul style="list-style-type: none"><li><i>Rugadh í sa bhliain 2002.</i></li><li><i>dhá mhíle agus a dó / 2002.</i></li></ul>
<b>Cad a rinne tuismitheoirí Natalia sa bhliain 2005?</b>	<ul style="list-style-type: none"><li><i>Tháinig a tuismitheoirí (siad) go hÉirinn / Mullach Íde in 2005.</i></li><li><i>D'aistrigh a muintir ón bPolainn go hÉirinn / Mullach Íde in 2005.</i></li><li><i>D'fhág siad an Pholainn.</i></li></ul>
<b>Cén sórt scoile a bhfuil Natalia ag freastal uirthi?</b>	<ul style="list-style-type: none"><li><i>Tá sí ag freastal ar an ghaelscoil.</i></li><li><i>Ar ghaelscoil.</i></li><li><i>Gaelscoil.</i></li></ul>
<b>Cé mhéid duine atá i dteaghlach Natalia?</b>	<ul style="list-style-type: none"><li><i>Tá cúigear i dteaghlach Natalia.</i></li><li><i>Cúigear.</i></li><li><i>5.</i></li></ul>

Nótaí:

---

---

---

---

---

---

---

---

---

## FÓGRA

Gabhaigí mo leithscéal. An Príomhoide anseo. Goideadh trí rothar as seid na rothar inné. Tá na gardaí ag fiosrú an scéil. Má tá eolas ag aon duine a chuideodh leis na gardaí is féidir labhairt liomsa faoi i rith an lae. Go raibh maith agaibh.

### Ceisteanna agus freagraí

**(a) Cá háit sa scoil a raibh na rothair nuair a goideadh iad inné?**

- *Bhí siad i seid na rothar.*
- *Is í an áit a raibh siad ná i seid na rothar.*
- *I seid na rothar.*
- *Seid na rothar.*
- *An seid*
- Seid

**(b) Cad é atá na gardaí a dhéanamh faoin ngadaíocht?**

- *Tá siad / na gardaí ag fiosrú an scéil.*
- *Tá siad / na gardaí ag fiosrú na gadaíochta.*

**(c) Conas is féidir le daltaí cuidiú leis na gardaí?**

- *Is féidir leo/leis/léi labhairt leis an bpriomhoide faoi i rith an lae.*
- *Labhairt leis an bpriomhoide.*
- *An t-eolas / an scéal a thabhairt / a insint don phriomhoide.*

Nótaí:

---

---

---

---

---

---

---

---

---

2.

## PÍOSA NUACHTA

Bhí na sluaite i láthair ag Féile Ráth Chairn i gCo. na Mí an deireadh seachtaire seo caite. San Ionad Pobail agus sa Chlubtheach a bhí na himeachtaí ar siúl. Is é an t-ainm atá ar an gclubtheach ná An Bradán Feasa. Bhí spraoi agus spórt ag chuile dhuine.

### Ceisteanna agus freagraí

(a) Cén uair a bhí Féile Ráth Chairn ar siúl?

- *An deireadh seachtaire seo caite.*

(b) Cén t-ainm atá ar an gclubtheach?

- *An Bradán Feasa.*

(c) Cá bhfios dúinn gur thaitin an fhéile leis na sluaite a bhí i láthair?

- *Bhí spraoi agus spórt ag chuile dhuine.*
- *spraoi / spórt*

Nótaí:

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

1.

**COMHRÁ A hAON**

**An Chéad Mhír**

- Siobhán: Háigh, a Thiarnáin. Fuair mé an ríomhphost uait.  
Tiarnán: Ó, go hiontach, a Shiobháin. Ar oscail tú an ceangaltán a bhí leis?  
Siobhán: D'oscail cinnte. Pictiúr gleoite é de lon dubh.  
Tiarnán: Mé féin a thóg é le mo i-fón.  
Siobhán: Ba chóir duit é a chur isteach ar chomórtas grianghrafníreachta na scoile.

**Ceisteanna agus Freagraí**

**(a) Cén ‘pictiúr gleoite’ a fuair Siobhán?**

- *Pictiúr de londubh.*
- *Londubh.*
- *Éan?*

**An Dara Mír**

- Tiarnán: Cuirfidh mé. Cad atá ar siúl agat féin?  
Siobhán: Táim ag obair sa ghairdín, creid é nó ná creid.  
Tiarnán: Glasraí nó bláthanna?  
Siobhán: Glasraí sa chúlghairdín.  
Tiarnán: Nach tusa a mhol gairdín glasraí a dhéanamh sa scoil?  
Siobhán: Is mé ach bhí a fhios agam go raibh spéis mhór ag Bean Uí Chinnéide sa gharraíodóireacht.  
Tiarnán: Tá an-chreidiúint ag dul duitse mar sin féin.

**Ceisteanna agus Freagraí**

**(b) Cad a bhí ar siúl ag Siobhán nuair a ghlaoigh Tiarnán uirthi?**

- *Ag obair sa ghairdín.*
- *Bhí sí ag gharraíodóireacht.*
- *Ag obair.*

**(c) Cén fáth a bhfuil an-chreidiúint ag dul do Shiobhán?**

- *Mhol sí go mbeadh gairdín glasraí sa scoil.*
- *Thosaigh sí gairdín glasraí sa scoil.*
- *Chuir sé túis le gairdín glasraí sa scoil.*
- *Bhí a fhios aici go raibh an-spéis ag Bean Uí Chinnéide/múinteoir sa gharraíodóireacht.*

**An Chéad Mhír****An Chéad Mhír**

Brian: Brian anseo. Goidé mar atá tú, a Mhuireann?  
 Muireann: Tá mé go maith, a Bhriain. Tá mé i scuaine taobh amuigh den 3-Aeiréine i mBaile Átha Cliath.  
 Brian: Cad chuige a bhfuil tú ansin, a Mhuireann?  
 Muireann: Tá mé ar mo bhealach isteach chuig ceolchoirm de chuid Lady Gaga.  
 Brian: Ó, nach méanar duit.

**Ceisteanna agus Freagraí****(a) Cén áit a raibh Muireann nuair a ghlaoigh Brian uirthi?**

- *I scuaine taobh amuigh den 3 Aeiréine.*
- *Taobh amuigh den 3 Aeiréine.*
- *I mBaile Átha Cliath.*
- *San / Ag an 3 Aeiréine.*
- *Ag ceolchoirm de chuid Lady Gaga.*
- *Ag ceolchoirm.*

**An Dara Mí**

Brian: Cén t-am a thosóidh an cheolchoirm?  
 Muireann: Ní thosóidh sí go dtí a hocht.  
 Brian: Tá tú an-luath. Níl sé ach a cúiganois.  
 Muireann: Ach dúnfar na doirse ar a sé.  
 Brian: Bain sult as.  
 Muireann: Cuirfidh mé scairt ort amárach.

**Ceisteanna agus freagraí****(b) Cén t-am a dhúnfar na doirse?**

- *Ar a sé (a'chlog) / 6.00 i.n. / p.m.*

**(c) Cad a dhéanfaidh Muireann amárach?**

- *Cuirfidh sí scairt ar Bhrian.*
- *Glaofaidh sí ar Bhrian.*
- *Cuirfidh sí glao (fóin) ar Bhrian.*

**Nótaí:**

## Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.

**Ceist 1.** Freagair A agus B anseo.

**A (20 marc)**

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

### Lorde - Amhránaí Óg Bisiúil

1. Rugadh Ella Marija Lani Yelich-O'Connor, nó Lorde mar is fearr aithne uirthi, in Takapuna sa Nua-Shéalainn in 1996. Is innealtóir é a hathair, Vic O'Connor, agus is de bhunadh na hÉireann é. Is file aitheanta í a máthair, Sonja Yelich. As an gCróit do mhuintir a máthar. Tá beirt deirfiúracha ag Lorde, Jerry agus India, agus deartháir amháin, Angelo.

2. Taobh amuigh den Nua-Shéalainn agus den Astráil, is beag cur amach a bhí ar Lorde go dtí 2013. Sa bhliain sin, d'eisigh sí EP, *The Love Club*. Tugadh cuid mhór poiblíochta dó sna meáin shóisialta. Ba é tuairim na gcriticeoirí go raibh réalta nua aimsithe sna firmimintí ceoil. Thapaigh Lorde an deis agus eisíodh *Royals*, a céad singil. Díoladh cúig mhilliún cóip de. Ba í Lorde féin a scríobh na liricí. Go te sna sála ar *Royals*, eisíodh na hamhráin *Tennis Court, Team, No Better* agus *Glory and Gore*.

3. An bhliain chéanna sin d'ainmnigh an iris *Times* Lorde i measc gearrliosta de dhéagóirí ceannasacha an domhain. In 2014, d'ainmnigh an iris *Forbes* í ar an liosta *30 faoi 30*, an liosta de na hamhránaithe is mó tionchar faoi 30 bliain d'aois. Tá Bruno Mars, Miley Cyrus, Drake, Calvin Harris, Lady Gaga, Katy Perry, Rihanna agus Taylor Swift ar an liosta céanna.

4. Chuaigh dea-shampla a máthar i gcion ar Lorde. Thugadh a máthair leabhair di ó bhí sí an-óg. I measc na n-údar a chuaigh i gcion uirthi, luann Lorde na scríbhneoirí T. S. Eliot, Ezra Pound, Allen Ginsberg agus Sylvia Plath. Deir sí gur fhoghlaim sí uathu conas liricí dea-dhéanta a scríobh. Ní sheinneann Lorde uirlis cheoil agus níl damhsa aici ach oiread. Mar sin, leagann sí béis ar réimsí difriúla a gutha féin. Is ionann guth an amhránaí agus uirlis cheoil, dar léi. Ní maith léi na geáitsí a dhéanann amhránaithe áirithe mar go mbaineann an gheáitsíocht ón gceol. Níos measa fós, dar léi, déanann cuid de na hamhránaithe iarracht an easpa ceoil a cheilt leis na geáitsí. Déanann sí féin iarracht téamaí seanchaite agus liricí leisciúla a sheachaint ina cuid amhrán.

5. Bhí an t-ádh le Lorde. D'aithin a tuismitheoirí an tallann a bhí aici agus chuir siad struchtúir ina saol le go mbláthódh an tallann sin. I ré seo na réaltaí réamhdhéanta, tá úire ag baint lena ceol. Tá an baol ann go mbainfidh a cáil tuisle aisti amach anseo mar a tharla i gcás réaltaí móra eile. I láthair na huaire, áfach, dealraíonn sé go bhfuil a cosa curtha i bhfeac aici ar thalamh daingean.

### Ceisteanna (iad ar cómharc)

(i) (a) Cén obair a dhéanann tuismitheoirí Lorde?

- Is file í an mháthair agus innealtóir é a hathair.
- Innealtóir agus file.

(b) **Ainmnigh dhá thír atá luaite in Alt 1.**

- *Dhá cheann as: Nua-Shéalaínn, Éire, An Chróit (gCróit?).*

(ii) **Breac síos dhá phíosa eolais ón sliocht thus i dtaobh *Royals*.**

- *Royals an t-ainm ar chéad shingil Lorde.*
- *An chéad shingil a d'éisigh Lorde.*
- *Díoladh cúig mhilliún cóip de.*
- *Scríobh Lorde na liricí do Royals.*
- *Eisíodh Royals in 2013.*
- *Amhrán is ea Royals.*

(iii) (a) **Cén fáth ar ainmníodh Lorde ar an liosta 30 faoi 30 san iris *Forbes*?**

- *Bhí / Tá Lorde ar dhuine de na hamhránaithe is mó tionchair faoi 30 bliain d'aois.*
- *In 2014, d'ainmnigh Forbes Lorde ar an liosta 30 faoi 30, an liosta de na hamhránaithe is mó tionchair faoi 30 bliain d'aois.*

(b) **Cad a d'fhoghlaim Lorde ó na leabhair a thugadh a máthair di?**

- *Deir Lorde gur fhoghlaim sí uathu conas liricí dea-dhéanta a scríobh.*
- *D'fhoghlaim sí uathu conas liricí dea-dhéanta a scríobh.*

(iv) (a) **Ní maith le Lorde na geáitsí a dhéanann amhránaithe áirithe. Cén fáth?**

- *Ní maith léi na geáitsí a dhéanann amhránaithe áirithe mar go mbaineann an gheáitsíocht ón gceol.*
- *Níos measa fós, dar léi, déanann cuid de na hamhránaithe iarracht an easpa ceoil a cheilt leis na geáitsí.*

(b) **Conas a bhí an t-ádh le Lorde?**

- *D'aithin a tuismitheoirí an tallann a bhí aici. / D'aithin a tuismitheoirí go raibh tallann aici.*
- *Chuir siad struchtúir ina saol le go mbláthódh an tallann ceoil a bhí aici.*
- *Thugadh a máthair leabhair di ó bhí sí an-óg agus chuaigh na leabhair sin i gcionn uirthi.*
- *Thug a máthair filiocht le T. S. Eliot, Ezra Pound, Allan Ginsberg agus Sylvia Plath le léamh di. Deir sí gur fhoghlaim sí uathu conas liricí dea-dhéanta a scríobh.*

(v) **Tá úire ag baint le ceol agus le cur chuige Lorde.**

Luaigh **dhá phíosa eolais** ón sliocht a léiríonn an méid sin.

- *Leagann sí béis ar réimsí difriúla a gutha féin.*
- *I ré seo na réaltaí réamh dhéanta tá úire ag baint lena ceol.*

- *I láthair na huaire, áfach, dealraíonn sé go bhfuil a cosa curtha i bhfeac aici ar thalamh daingean*
  - *Ní bhíonn sí ag brath ar gheaitísí ar an stáitse.*
  - *Tá liricí dea-dhéanta ina cuid amhrán.*
  - *Tá tionchar na filíochta le braistint sna liricí a chumann sí.*
  - *Seachnaíonn sí liricí leisciúla ina cuid amhrán.*
  - *Seachnaíonn sí téamaí seanchaite ina cuid amhrán.*
  - *Is duine meabhrach í agus tá machnamh domhain déanta aici fuithi féin agus faoi cheird an amhránaithe/na h-amhránaíochta.*
  - *Ní cuid de phacáiste réamhdhéanta í faoi mar a tharlaíonn i gcás go leor amhránaithe eile.*

## Nótaí:

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Bíodh na freagraí i d'fhocail fén, chomh fada agus is féidir leat.

## Oireachtas na Gaeilge agus Scléip na hÓige

1. Is é Oireachtas na Gaeilge príomhfhéile náisiúnta phobal na Gaeilge. Ciallaíonn an focal ‘oireachtas’ tionól agus teacht le chéile. Bhí an chéad Oireachtas ann i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1897. Bhí an tOireachtas ar siúl gach aon bhliain ó shin i leith ach amháin an dá bhliain roimh an dara cogadh domhanda. I gCill Airne a bhí sé ar siúl anuraidh, 2014, ó 28 Deireadh Fómhair go dtí 2 Samhain. Tá Oireachtas na Gaeilge cosúil le féile an Eisteddfod sa Bhreatain Bheag agus le féile an *Mòd* in Albain.

2. Bíonn dhá chuid in Oireachtas na Gaeilge: féile ealaíon agus litríochta i mí Aibreán nó i mí na Bealtaine, agus féile cheoil, dhamhsa agus amhránaíochta aimsir na Samhna. Seacht lá a mhaireann Féile na Samhna. Freastalaíonn breis agus 10,000 duine uirthi. Tá fás tagtha le blianta beaga anuas ar líon na ndaoine óga a bhíonn i láthair ag Féile na Samhna. Pobal na nGael scoileanna agus pobal na Gaeilge sa tuaisceart go háirithe is cús leis an mborradh seo.

3. Tá moladh ag dul do lucht stiúrtha an Oireachtas. Choinnigh siad an fhéile i dtiúin le saol na linne. Sa lá atá inniu ann, is féile shofaisticiúil nua-aimsire é an tOireachtas. Déanann Raidió na Gaeltachta, TG4, RTÉ agus an BBC cuid mhór de na himeachtaí in Oireachtas na Samhna a chraoladh beo. Bíonn teacht ag daoine ar fud an domhain ar na craoltaí seo ar an ngréasán domhanda.

4. Cuid thábhachtach d’Fhéile na Samhna is ea Scléip na hÓige. Bíonn Scléip na hÓige ar siúl le linn bhriseadh lár téarma na scoileanna. Ceardlanna agus imeachtaí siamsaíochta don aoisghrúpa 14-18 mbliana a bhíonn i Scléip na hÓige. Is ar bhaill na gclubanna Ógras, Spleodar, Cumann na bhFiann, Feachtas agus Óige na Gaeltachta is mó a bhíonn siad thírithe.

5. Is í Paráid Scléip na hÓige, trí shráideanna an bhaile ina mbíonn Féile na Samhna ar siúl, buaicphointe Scléip na hÓige. Faigheann gach aon duine deis na scileanna nua a bhíonn foghlamtha acu sna ceardlanna a léiriú - damhsa ar an sean-nós, damhsa samba, scileanna sorcailse nó b’fhéidir ealaín éadain! Is í an Ghaeilge teanga na féile seo, ar nós ócáidí uile an Oireachtas.

### Ceisteanna agus Freagraí

(i) (a) Cad is brí leis an bhfocal ‘oireachtas’?

- Ciallaíonn an focal ‘oireachtas’ tionól agus teacht le chéile.
- Tionól.
- Teacht le chéile.

(b) Cad iad na dátaí ar a raibh Oireachtas na Gaeilge ar siúl an bhliain seo caite?

- Ón 28 Deireadh Fómhair go dtí 2 Samhain, 2014.
- 28 Deireadh Fómhair - 2 Samhain.

(ii) Luaigh dhá rud atá luaite in Alt 2 a thugann le fios go bhfuil ag éirí go maith leis an Oireachtas.

- Freastalaíonn breis agus 10,000 duine uirthi.
- Tá fás le blianta beaga anuas ar líon na ndaoine óga a bhíonn i láthair ag Féile na

*Samhna.*

- *Bíonn seacht lá d'imeachtaí éagsúla ar siúl ann.*

**(iii) Breac síos dhá rud in Alt 3 a léiríonn gur ‘féile shofaisticiúil nua-aimsire í an tOireachtas’.**

- *Déanann RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4, RTÉ (raidió agus teilifís) agus an BBC craoladh beo ar chuid mhór d'imeachtaí Oireachtas na Samhna.*
- *Déanann na meáin theilifíse agus raidió craoladh beo ar na himeachtaí.*
- *Bíonn teacht ag daoine ar fud an domhain ar na craolta seo ar an ngréasán domhanda.*
- Choinnigh siad an fhéile i dtiúin le saol na linne.

**(iv) Cén t-alt sa sliocht thus a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?**

‘Tá tíortha eile ann a cheiliúrann a dteangacha agus a gcultúir ar an dóigh chéanna le hÉirinn.’

- *Alt 1*

**(v) Cén t-alt sa sliocht thus a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?**

‘Tá gné amháin de Scléip na hÓige a mheabhródh carnabhal sráide do dhuine.’

- *Alt 5*

**Nótaí:**

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Scríobh freagraí ROIINN III i do fhreagarleabhar.

Ceist 2. Freagair A agus B anseo.

A (10 marc)

Scríobh Ruán Ó Broic an nóta dialainne seo a leanas. Scríobh Ruán an cuntas san Aimsir Láithreach ach d'iarr an múinteoir air an cuntas a scríobh san Aimsir Fháistineach.

Léigh an cuntas dialainne a scríobh Ruán. Ansin athscríobh i do fhreagarleabhar é agus cuir na briathra atá sa chló trom san **Aimsir Fháistineach**.

**Sampla:** Fillfidh an traonach ar Thoraigh sa samhradh.

## An Traonach a Mhill mo Shuan

Filleann an traonach ar Thoraigh sa samhradh. **Cuireann** pobal an oiléain na mórtha fáilte roimhe. **Cloistear** é ag glaoch ar feadh na hoíche. **Ní dhúnann** sé a ghob ach é ag scairteadh gan stad, gan staonadh: crec, crec; crec crec. **Ní fhaigheann** an cuairteoir codladh na hoíche. Ach cé dochar? **Bíonn** codladh an traonaigh aige an lá dár gcionn.

Na Freagraí

- **Fillfidh** an traonach ar Thoraigh gach samhradh.
- **Cuirfidh** muintir an oiléain na mórtha fáilte roimhe.
- **Cloisfear** é ag glaoch ar feadh na hoíche.
- **Ní dhúnfaidh** sé a ghob ach é ag scairteadh gan stad, gan staonadh: crec, crec; crec crec.
- **Ní bhfaighidh** an cuairteoir codladh na hoíche.
- **Beidh** codladh an traonaigh aige an lá dar gcionn.

Nótaí:

---

---

---

---

---

---

---

---

## B (10 marc)

Anseo thíos tá giota téacs faoin tsraith imleabhar *Logainmneacha Mhaigh Eo* a foilsíodh in 2014.

### Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.

- Líon na bearnaí leis an bhfocal/na focail is oiriúnaí sna habairtí **2, 3, 4** agus **5**.
- Aimsigh ainmfhocal **amháin san uimhir iolra** in abairt **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar í.

### **Logainmneacha Mhaigh Eo**

**1. Sampla:** Is é an Dochtúir Fiachra Mac Gabhann a bhí ina eagarthóir .....an obair seo.

- (a) faoi      (b) **ar**      (c) leis

**Freagra:** Is é an Dochtúir Fiachra Mac Gabhann a bhí ina eagarthóir **ar** an obair seo.

**2.** Tá 3,500 ainm sa leabhar ar oiléán agus ar bhailte fearainn i ..... Mhaigh Eo.

- (a) gContae      (b) Contae      (c) Contaetha

**3.** Tá *Logainmneacha Mhaigh Eo* ar cheann de na leabhair is ..... a foilsíodh riamh.

- (a) tábhacht      (b) tábhachtaí      (c) tábhachtach

**4.** Is .....Dún Dealgan ó dhúchas d'Fiachra Mac Gabhann.

- (a) as      (b) de      (c) do

**5.** Chuir an ..... , Fiachra Mac Gabhann, agallamh ar bhrefis agus trí chéad duine áitiúil.

- (a) eagarthóir      (b) eagarthóirí      (c) t-eagarthóir

**6.** Tá na daoine sa chontae mórtasach as an saothar scolártha seo.

### **Na Freagraí**

**2.** Tá 3,500 ainm oiléán agus baile fearainn i **gContae Mhaigh Eo**.

**3.** Tá *Logainmneacha Mhaigh Eo* ar cheann de na leabhair is **tábhachtaí** a foilsíodh riamh.

**4.** Is **as** Dún Dealgan ó dhúchas é, Fiachra Ma Gabhann.

**5.** Chuir an **t-eagarthóir** agallamh ar brefris agus trí chéad duine áitiúil.

**6.** Tá na **daoine** sa chontae mórtasach as an saothar scolártha seo.

Nótai:

---

---

---

---

---

### Scríobh freagraí ROIINN IV i do fhreagarleabhar.

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B, C** agus **D**.

$$\begin{array}{l}
 \text{Stíl: } 2 \text{ mharc. S(2)} = \\
 \text{Ábhar: } 8 \text{ marc. Á(8)} = \\
 \text{Gaeilge: } 40 \text{ marc. G(40)} =
 \end{array} \left. \right\} \quad \underline{\text{Iomlán: } 2 + 8 + 40 = 50 \text{ marc.}}$$

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C** anseo thíos.

(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)

#### A. AISTE NÓ ALT NUACHTÁIN / IRISE

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

- (i) An post ba mhaith liom amach anseo.
- (ii) Leabhar a léigh mé le déanaí a thaitin go mór liom.
- (iii) Mo rogha réalta spóirt Éireannach.
- (iv) An Tríú Domhan.
- (v) Na sobalchláir ar an teilifís na laethanta seo.

#### B. SCÉAL / EACHTRA

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

- (i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:  
 ‘Bhí mé ag fanacht go neirbhíseach lasmuigh d’oifig an Phríomhoide.  
 Cén scéal a d’inseoinn di?’
- (ii) Eachtra a tharla dom nuair a bhí mé féin agus mo chara ag siopadóireacht.

#### C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son *nó* in aghaidh an rúin sin:

- (i) Mol an óige agus tiocfaidh sí.
- (ii) Caithfimid Éirí Amach 1916 a cheiliúradh an bhliain seo chugainn.

## Nótaí:(Ceapadóireacht)

- Ceist 1.** Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**  
 Ní mór ceist **amháin** a roghnú as A agus ceist **amháin** a roghnú as B.  
 Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as A nó as B. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.  
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

### Croí Mór Maith

1. Bhí fear a raibh Liam Ó Coimín air ina chónaí cois na habhann. Fear aonarach a bhí ann nach mbíodh aon bhaint aige leis na comharsana. Bhí úllord breá aige ina raibh na húlla ba bhlasta agus ba mhilse i gContae Thiobraid Árann. Bhí Séimín Ó Súilleabhaín ina chónaí gar do theach Liam agus bhí an-tóir go deo aige ar na húlla. Bhí Liam Ó Coimín tinn tuirseach de Shéimín Ó Súilleabhaín, an bithiúnach beag a ghoideadh a chuid úlla. Shocraigh sé go múinfeadh sé ceacht dó. Cheannaigh an tUasal Ó Coimín madra gardála, rótvaidhléir fiochmhar, ó fhear i gCluain Meala. Bhí na húlla aibí faoin am seo agus bhí a fhios ag Liam Ó Coimín nár bh fhada go mbeadh cuairteoir beag chuige, an bligeairdín Séimín Ó Súilleabhaín.
2. An tráthnóna áirithe seo, bhí Séimín Ó Súilleabhaín tar éis a mhála scoile a líonadh le húlla deasa dearga. Bhí sé breá sásta leis féin. Ní raibh tásc ná tuairisc ar Liam Ó Coimín, an té ar leis an t-úllord. Nó b'in a shíl Séimín. Ach díreach agus é ar tí an claí a dhreapadh cé a d'fheicfeadh sé ag déanamh air ach Liam Ó Coimín agus é ar deargbhuiile. ‘Tá tú agamanois a bhithiúnaigh,’ a dúirt an Coimíneach leis féin. Is ansin a chonaic Séimín an madra fiochmhar. Ba bheag nár thit an t-anam as. Lig sé béis as agus scaoil sé uaidh a mhála scoile. Dá bhféadfadh sé an claí a dhreapadh bheadh sé slán sábháilte. Ach bhí an rótvaidhléir ag déanamh air.
3. Bhí Colm Ó Caoimh ar a bhealach go Lios an Chatha agus a chamán ina ghlac aige nuair a chuala sé an rírá. Chonaic sé Séimín san úllord. Bhí Séimín in aon rang le Colm ar scoil, agus thuig Colm go raibh Séimín i saínn. Faoi mar a tharla, ní raibh Colm ró-cheanúil ar Shéimín. Bulaí cruthanta ba ea Séimín. Bhíodh sé go mór in éad le Colm mar bhí Colm go maith ag a cheachtanna agus b'iománaí den scoth é freisin. Ba mhinic Séimín ag spochadh as Colm i ngeall air seo agus ag déanamh a bheag de os comhair na mbuachaillí eile. Nuair a chonaic Colm an tsáinn ina raibh Séimín ní raibh mórán trua aige dó ar dtús. Ach bhí croí mór maith ag Colm. Nuair a chonaic sé Séimín ag titim agus an rótvaidhléir fiochmhar ag drannadh leis, rug sé greim docht ar an gcamán. Mhothaigh sé neart agus misneach ag teacht chuige. Léim sé thar an gcláí agus rug sé ar chloch. Tharraing sé siar an camán. Bhuail sé buille tréan ar an gcloch agus sheol i dtreo an mhadra í. Bhuail sí sa cheann é. Rinneadh staic den mhadra. Lig sé glam as agus rith sé chuig a mháistir agus é ag geonaíl. D'éirigh le Séimín barr an chláí a bhaint amach agus is ann a d'fhan sé.
4. Cé a thiocfadh an bealach ina charr ag an am sin ach an máistir scoile, an Máistir Ó Draoi. Stop sé. ‘Cad atá ar bun anseo?’ ar seisean. Mhínigh Liam Ó Coimín an scéal dó. Ansin d'iarr an Máistir Ó Draoi ar Shéimín agus ar Cholm a dtaobh féin den scéal a insint. D'éist an Máistir Ó Draoi go haireach le gach duine acu. Ansin thug sé íde na muc is na madraí do Shéimín, ach bhí sé crosta freisin le Liam Ó Coimín. Mhol sé dó an madra fiochmhar a choimeád ar éill i gcónaí. ‘Maidir leatsa,’ arsa an máistir, agus bhreathnaigh sé ar Cholm, ‘rinne tú éacht. Bheadh do thuismitheoirí bródúil asat.’ Agus ansin isteach leis ina charr agus d'imigh sé.
5. Bhí ionadh an domhain ar Shéimín gur tháinig Colm i gcabhair air. Bhí sé cinnte go raibh grán ag Colm air toisc go mbíodh sé ag séideadh faoi go minic. ‘Níl aon ghráin agam ort, a Shéimín,’ arsa Colm, ‘ach d'fhéadfá a rá go gcuireann tú as dom go minic.’ ‘Tá an ghráin ag gach duine orm,’ arsa Séimín agus phléasc sé amach ag gol. ‘Seo, triomaigh do shúileanois,’ arsa Colm. ‘Croithfimid lámh le chéile.’ Shín Colm amach a lámh chuig Séimín, rug Séimín uirthi agus chroith sé í.

*(Athchóiríodh an buntéacs lena chur in oiriúint do chuspóirí na measúnachta gan é a chur i gcead an údair roimh ré.)*

## Ceisteanna agus Freagraí

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscant:** 4 mharc  $(2 + 2) \times 3 = 12$ .
- **Gaeilge:** + 3 mharc  $(+ 1 / + 2 / + 3)$

Iomlán = **(4 x 3) + 3 = 15 mharc.**

### A ( Buntuiscint )

(i) Cén fáth a raibh Liam Ó Coimín ‘tinn tuirseach’ de Shéimín Ó Suilleabhair? (Alt 1)

- *Bithiúnach / bligeairdín beag ba ea Séimín Ó Suileabháin a ghoideadh a chuid úlla.*

(ii) Conas a chuir Colm Ó Caoimh stop leis an rótvaidhléir fiochmhar? (Alt 3)

- *Phioc sé cloch ón talamh. Bhí camán aige agus bhuaile sé an chloch i dtreo an mhadra. Buaileadh an madra. Gortaíodh é agus rith an rótvaidhléir fiochmhar ar ais go dtí a mháistir.*

(iii) Luaigní cúis amháin ar phléasc Séimín Ó Suilleabhair amach ag gol. (Alt 5)

- *Bhí ionadh an domhain air gur tháinig Colm i gcabhair air.*
- *Shíl sé gur ghráin le Colm é toisc go mbíodh sé ag séideadh faoi go minic.*
- *Shíl sé gur ghráin le gach éinne é.*

### B ( Léirthuiscint Ghinearálta )

(i) ‘Bulaí cruthanta ba ea Séimín.’ Breac síos dhá shampla den bhulaíocht sin.

[**An Bhulaíocht:** ag séideadh faoi Cholm; ag spocadh as Colm;  
ag déanamh beag de Cholm os comhair na mbuachaillí eile.]

- *Bhíodh Séimín ag déanamh beag de Cholm os comhair na mbuachaillí eile.*
- *Bhíodh Séimín ag spochadh as Colm.*
- *Bhíodh Séimín freisin ag séideadh faoi Cholm.*

(ii) Cén saghas duine é an Máistir Ó Draoi? Luaigní dhá phointe eolais.

- *Duine coinsiasach a bhí ann. Stop sé a charr nuair a thuig sé go raibh rud éigin bun os cionn. Sa lá atá inniu ann tá go leor daoine ann agus ní stopfaidís i gcás mar seo.*
- *Bhí sé cróga. Sa lá atá inniu ann tá go leor daoine ann agus bheadh eagla orthu stopadh ar eagla go mbeadh siad ag tarraigte trioblóide orthu féin.*
- *Fear cothrom a bhí ann. Thug sé cothrom na féinne do gach duine. Thug sé deis do gach duine, Liam Ó Coimín, Séimín Ó Suilleabhair agus Colm Ó Caoimh a leagan féin den eachtra a tharla a insint dó agus d'éist sé go haireach le gach duine.*
- *Fear ábalta a bhí ann. Nuair a chuala sé a raibh le rá ag an triúr, bhí sé breá ábalta an scéal a mheá agus breith chothrom a thabhairt.*

- Is léir go bhfuil údarás aige. Labhraíonn sé le glór údarásach agus tugtar éisteacht dó agus níl éinne ag teacht salach air.

**(iii) Luaigh dhá phíosa eolais ón scéal a léiríonn go raibh ‘croí mór maith’ ag Colm Ó Caoimh.**

- Bhí ‘croí mór maith’ ag Colm Ó Caoimh agus nuair a chonaic sé go raibh Séimín i sáinn agus ar tí titim agus an rótvaídhléir fíochmhar ag drannadh leis tháinig sé i gcabhair air. Murach Colm ní fios cén críoch a bheadh ar an eachtra seo.
  - Shabháil Colm Séimín ó ionsaí an rótvaídhléara.
  - Nuair a thosaíonn Séimin ag gol deir Colm leis a shúile a thriomú.
  - Léiríonn Colm go raibh croí mór maith aige mar croitheann sé lámh le Séimín agus maitheann sé a iompar gránna dó.
- 

**Ceist 2.**

Freagair **A** nó **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.

**(15 mharc)**

**A**

- (i) Ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna téama i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1**.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin téama.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin téama úd agus a bhfuil faoin téama céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**B**

- (i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de na *tréithe* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge nó úrscéal Gaeilge nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an thréith sin* i gceist ann.

*Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.*

- |                  |                |                  |
|------------------|----------------|------------------|
| (a) Misneach     | (b) Clisteacht | (c) Tallann      |
| (d) Claidhreacht | (e) Cineáltais | (f) Leisciúlacht |

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *tréith* atá roghnaithe agat.

**Nóta:** I gcás **A** nó **B** thus, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

**A (i) agus B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc  
**Ainm an údair** = 1 mharc  
**A (ii) agus B (ii)**      **Ábhar:** 5 mharc  
**Gaeilge:** 8 marc  
**15 mharc**

**A nó B = 1+1+5+8 = 15 mharc**

**Ceist 3.** Léigh an dá dhán thíos: **Ceacht Baile** le Róise Ní Ghráda agus **Nuacht a Sé ar RTÉ** le Pilib Ó Brádaigh. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo.

Ní mór ceist **amháin** a roghnú as A agus ceist **amháin** a roghnú as B.

Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as A nó as B. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.

*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

(15 mharc)

### Ceacht Baile

Nuair a tháinig mé ón scoil inné  
bhí Daideo ina shuí sa chistin.

4. Bhí sé ag éisteacht leis an raidió,  
agus ag léamh an pháipéir nuachta.

'Tá an domhan imithe ar strae,' ar sé.  
Agus chaoch sé súil chineálta ormsa.  
'Ach cuirfidh tusa é ina cheart, a stór,  
nuair a bheidh tú i do cheannaire.'

8. 12. Bhí Mamó taobh leis an sorn ag ullmhú  
béile an tráthnóna. 'Muise, ná buair  
do cheann faoi amaidí na sean!' ar sí,  
agus mhuirnigh sí mo leicne lena lámha.

16. D'fhéach mé trí fhuinneog na cistine.  
Bhí an saol amuigh ina chíor thuathail.  
Bhí bulaí ceart de snag breac gráma  
ag argóint go glórach le spideog cheanndána.

### Gluais:

**L.10/11: Ná buair do cheann:** ná bíodh imní ort

**L.12: Mhuirnigh sí mo leicne lena lámha:** chuir sí a lámha  
go grámhar ar m'aghaidh.

**L.15: snag breac:** éan dubh agus bán a bhíonn le feiceáil  
sa ghairdín.

### Nuacht a Sé ar RTÉ

*Nuacht a sé ar RTÉ, á léamh  
ag Samantha Ní Shúilleabhall.*

2. 6. Baineadh preab as daoine inniu  
ach gheit a gcroí le gliondar  
mar phocléim tíogar os a gcomhair,  
in aice le Droichead na Dothra.

8. 10. Thosaigh siad ag bualach bos  
agus ag liú in ard a ngutha:  
'Fáilte romhat ar ais anseo  
i measc na dtithe móra.'

12. 14. Ach d'eisigh an rialtas ráiteas:  
'Ní tíogar a chonaic na daoine  
ach ceann de na cait ramhra,  
a fheictear ar fud na tíre.'

16. 18. Oró, mo phataire cait!  
Oró, mo thíogar dílis!  
Na céadta míle euro romhat  
ar ais i measc do mhuintir'.

20. *Nuacht a sé ar RTÉ, á léamh  
ag Samantha Ní Shúilleabhall.*

### Gluais:

**L.6: Droichead na Dothra:** ceantar i mBaile Átha Cliath.

**L.15: pataire:** cat ramhar beathaithe

Tá **trí** cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscant:** **4 mharc** (4 x 3) = **12 mharc.**
- **Gaeilge:** (+ 1 / + 2 / + 3) = **3 mharc**

**Buntuiscint:** (i) **dhá** phointe = 2+2 = **4 mharc**  
(ii) **dhá** phointe = 2+2 = **4 mharc**  
(iii) **dhá rud** = 2+2 = **4mharc**

**Léirthuiscint:** (i) **dhá** phointe = 2 + 2 = **4 mharc**  
(ii) An duine = **1 mharc**; saghas duine: **3 mharc** (+ 1 / + 2 / + 3) = **4 mharc**  
(iii) **dhá** chúis = 2+2 = **4 mharc**

**Iomlán** = (4 x 3) + 3 = **15 mharc**

## Ceisteanna agus Freagraí

### A ( Buntuiscint )

- (i) Cá bhfuair Daideo an t-eolas go raibh ‘an domhan imithe ar strae’?  
**Luaigh dhá phointe as Ceacht Baile.**
- Fuair Daideo an t-eolas go raibh an domhan imithe ar strae ó bheith ‘ag éisteacht leis an raidió’ agus ó bheith ‘ag léamh an pháipéir nuachta’.
  - Ón raidió agus ón pháipéar nuachta.
  - Bhí Daideo ag éisteacht leis an raidió agus ag léamh an pháipéir nuachta.

- (ii) An raibh áthas ar na daoine an tíogar a fheiceáil?  
**Luaigh dhá phointe as Nuacht a Sé ar RTÉ.**

[Comharthaí Áthais: Bualadh bos; gheit a gcroíthe; ceanúil; ag liú in ard a ngutha; ainmneacha ceana; fáilte; ceiliúradh]

- Bhí áthas orthu mar ‘gheit a gcroíthe le gliondar.’
- Bhí áthas orthu mar ‘thosaigh siad ag bualadh bos’.
- Bhí áthas orthu mar ‘thosaigh siad ag liú in ard a ngutha’.
- Bhí áthas orthu mar chuir siad fáilte roimh an tíogar.
- Bhí áthas orthu mar thug siad ainmneacha ceana ar an tíogar, pataire cait agus tíogar dílis.
- Ní raibh áthas orthu.
- Baineadh preab ar na daoine.
- Bhí eagla ar na daoine.
- Cheap siad gur tíogar a bhí ann.
- Léim an tíogar or a gcomhair.

- (iii) Luaigh dhá rud a dúradh i ráiteas an rialtais i dtaobh an tíogair in *Nuacht a Sé ar RTÉ*.

- Ní tíogar a chonaic na daoine.
- Ní fhaca na daoine’ in aice le Droichead na Dothra’ tíogar. *Ceann de cait ramhra na tíre a chonaic siad.*
- Tá na cait ramhra seo le feiceáil ar fud na tíre.

### B ( Léirthuiscint Ghinearálta )

- (i) Is dán greannmhar é *Nuacht a Sé ar RTÉ*. Luaigh dhá phointe eolais sa dán a léiríonn an greann sin.
- Tá an greann sa dán seo fíte fuaite leis an áibhéal atá sa dán ó thus go deireadh.

- Níl an scéal atá á insint sa dán inchreidte.

### Samplaí den áibhéil/ghreann atá sa dán:

tíogar ag pocléimnigh in aice le Droichead na Dothra;  
na daoine ag bualdh bos amuigh ar an tsráid;  
na daoine ag liú in ard a ngutha : ‘Fáilte romhat ar ais anseo / i measc na dtithe móra;  
na hainmneacha ceana thugtar ar an tíogar. Oró mo phataire cait! / Oró mo thíogar dílis!  
go dtarlódh rud mar seo ar an tsráid i lár an lae.

- Tá an file ag magadh faoin tíogar Ceilteach.
- Bheadh sé greannmhar dá bhfeicfeá tíogar ag pocléimnigh ar an tsráid.
- Tá a theanga ina phluic ag an bhfile ó thús deireadh.
- Aoír atá anseo agus is cuid den aoir an greann.

- (ii) Ainmnigh duine amháin atá luaite in *Ceacht Baile* agus déan cur síos ar an saghas duine atá ann/inti.

- Duine amháin díobh seo: Daideo; Mamó; an garpháiste (an file nó persona an dáin)

### Daideo

*Is fear suimiúil agus tuisceanach é Daideo. Tá spéis aige i gcúrsaí an tsaoil. Éisteann sé leis an raidió agus léann sé an páipéar nuachta. Tá sé ciallmhar mar dhuine os rud é go gcoinníonn sé i dtiúin le cúrsaí an tsaoil agus moltar do dhuine é seo a dhéanamh nuair a bhíonn sé / sí ag dul in aois.*

*Is léir go bhfuil cion ag Daideo ar a gharpháiste mar ‘chaoch sé súil chineálta’ uirthi nuair a tháinig sí isteach sa chistin agus labhair sé go bog grámhar léi, ag maíomh go gcuirfeadh sise cúrsaí an tsaoil ina gceart nuair a bheadh sí mór agus ina ceannaire.*

Tá feith an ghrinn agus an mhagaíd i nDaideo. Caochann sé ‘súil chineálta’ ar a ghariníon agus ansin, is é is dóichí ná a mhalairt é, gur ar mhaithé le bheith ag spocadh as Mamó, a bhean chéile, a chaitheann sé an nath tuirseach, seanchaite, ‘tá an domhan imithe ar strae’ ach imríonn Mamó an cluiche leis, ‘Mhuise ná buair do cheann, faoi amaidí na sean! ’Is minic a chríochnaíonn daoine a bhíonn ag maireachtáil le chéile ar feadh i i bhfad, a gcuid abairtí dá chéile. Níl teannas dá laghad sa chistin. Tuigeann an gariníon é seo go maith nuair a fhéachann sí amach an fhuinneog agus go bhfeiceann sí, ‘spideog cheanndána / ag argóint go glórach / le snag breac gráonna. Níl an saol lasmuigh den chistin teolaí seo, lena comhluadar séimh, chomh tarraigteach.

*Ar an lámh eile de bhraithfeá go raibh Daideo pas beag síomhú leis an saol, go bhfuil ‘an domhan imithe ar strae’. Tugann Mamó ‘amaidí na sean’ ar a chuid cainte mar b’fhéidir go mbíonn an saghas seo cainte uaidh go minic. Tá dóchas ag Daideo as an óige agus as an gcéad ghlúin eile.*

*D’fhéadfá tréithe diúltacha a chur ina leith. Tá sé seanaimseartha. Tá na rólanna atá aige féin agus ag Mamó sa chistin as dáta. Cén fáth nach eisean atá ‘taobh leis an sorn / ag ullmhú béis an tráthnóna’? Is léir go bhfuil a chuid ‘amaidí’ cloiste go minic ag Mamó agus nach bhfuil sí róthóghtha leis. ‘Mhuise ná buair do cheann / faoi amaidí na sean’ ar sí’ lena gariníon.*

### Mamó

*Is duine tuisceanach agus ciallmhar í Mamó. Nuair a deir Daideo go bhfuil an saol imithe ar strae agus go gcuirfidh an gariníon an saol ina cheart, molann sí dá gariníon gan a ceann a bhuaireamh faoi ‘amaidí na sean’. Tuigeann sí go bhfoghlaimeoídh daoine óga i dtaobh cúrsaí an tsaoil d’réir a chéile. Tá aithne saoil ag Mamó ar Dhaideo, a fear céile. Tuigeann sí gur ar mhaithé le bheith ag spocadh aisti a chaitheann sé an*

nath tuirseach seanchaite, ‘tá an domhan imithe ar strae amach’. Tá sí breá ábalta chuíge mar tá ‘an leadóg fhocal’ seo imeartha go minic acu. Níl oiread is puth teannais sa seomra. Is féidir leis an ngariníon an grá agus an suíomh idéalach seo a bhraistint. Ach is domhan eile atá lasmuigh agus b’shin a thug sí faoi deara nuair a d’fhéach sin amach an fhuinneog, ‘spideog cheanndána / ag argóint go glórach / le snag breac gránna’. Níl an saol lasmuigh den chistin teolaí seo lena comhluadar séimh chomh tarraingteach. Is léir go bhfuil grá aici dá gariníon mar ‘mhuirnigh sí’ a ‘leicne ina lámha.’

### An Ghariníon / An File / Persona an Dáin / An Duine Atá Ag Caint Linn sa Dán

Is léir gur duine óg í. Tá sí goilliúnach mar tugann sí gach rud faoi deara; a bhfuil ar siúl ag a h-athair críonna agus ag a máthair chríonna agus na rudaí a dúirt siad. Anuas air seo ní theipeann uirthi na ciútaí neamhlabhartha a aithint. Is iad na ciútaí seo a thugann deis dúinn a bhfuil i gceist idir na línte a léamh. Tuigeann sí nach bhfuil an saol lasmuigh chomh séimh ná chomh grámhar le saol idéalach na cistine ná chomh sabháilte leis ach oiread. Caithfidh tú seasamh suas duit féin ar nós na spideoige agus do phlota agus do spás féin a choisint ar an ‘snag breac gránna’, i.e. na bualaíthe gránna.

- (iii) Cé acu dán is fearr a thaitin leat, *Ceacht Baile* nó *Nuacht a Sé ar RTÉ*? Luaign dhá chúis ar thaitin an dán leat.

#### Ceacht Baile

##### Fáthanna

- An téama / Na téamaí ann oiriúnach do dhéagóirí + plé agus tagairtí don dán.
  - An grá idir na tuismitheoirí críonna agus an ghariníon
  - An grá idir Mamó agus Daideo
- Ábhair an dáin:
  - Daoine óga agus tuismitheoirí críonna + plé agus tagairtí do dán.
  - Daoine óga ag fás aníos + plé agus tagairtí don dán.
- Ornáideachas na filíochta: An t- Ornáideachas + tagairtí don dán.
  - Íomhánnna
  - Meafair
  - Meadaracht
  - Rithim
  - Teideal an Dáin
- Na Mothúcháin sa dán: An mothú + plé + tagairtí don dán.
  - Grá
  - Díomá
  - Sonas
  - Dóchas
  - Bród / Mórtas
- Comparáid idir Ceacht Baile agus Nuacht a Sé ar RTÉ.
  - Is fearr liom Ceacht Baile ná Nuacht a Sé ar RTÉ mar: Fáth + Plé + Tagairtí do na dánta
  - ✓ Is dán do dhaoine óga Ceacht Baile agus is dán do dhaoine fásta é Nuacht a sé Ar RTÉ.
  - ✓ Teideal an dáin in Ceacht Baile níos fileata.

- ✓ *Na mothúcháin in Ceacht Baile á léiriú ar leibhéal níos paiseanta ná An Searús agus an áibhéal in Nuacht a Sé ar RTÉ.*
- ✓

*Is é an dán is fearr a thaitin liom ná Ceacht Baile le Róise Ní Ghráda:*

Tá an téama atá sa dán seo an-oiriúnach do dhaoine óga go háirithe do dhéagóirí. Is duine óg í an duine atá ag caint linn sa dán. Is duine í atá ar scoil fós, ‘nuair a tháinig mé ón scoil inné’. Is dócha go bhfuil a tuismitheoirí amuigh ag obair mar is iad Mamó agus Daideo atá sa bhaile. Tuigim don duine óg seo. Is léir go bhfuil grá ag a tuismitheoirí críonna di. Tugann Daideo an téarma ceana, ‘a stór’ uirthi. Caochann sé ‘súil chineálta’ uirthi agus molann sé í, ‘cuirfidh’ sise an saol ‘ina cheart’ ‘nuair a bheidh’ sí ina ‘ceannaire.’ Tá an grá atá ag Mamó dá gariníon soiléir freisin. Muirníonn sí leicne an chailín go grámhar ‘lena lámha’ agus comhairlónn sí di gan a ceann a bhuaireamh faoi ‘amaidí na sean’; ‘sé sin go bhfuil ‘an domhan imithe ar strae’ faoi mar a deir Daideo léi. Is duine ciúin í, duine tostach fiú, an ghariníon. Is mar sin a bhíonn mórán déagóirí sna déaga.

Agus is duine goilliuúnach í freisin mar is léir go bhfoghlaimíonn sí ‘ceacht’ mar aithníonn sí an teannas atá amuigh ansin sa saol mór lasmuigh den chistin. Is í an ghariníon a thugann faoi deara an ‘argóint’ ghlórach idir an ‘buláit ceart de snag breac gránna’ agus an ‘spideog cheanndána’. Bíonn ar an duine d’réir mar a théann sé / sí in aois seasamh suas dó / di féin agus a ‘spás’ féin a chosaint faoi mar atá ar siúl ag an ‘spideog cheanndána’. Ag an am céanna bíonn gá don dá thaobh géilleadh rud éigin nuair a éiríonn babhtaí argóna eatartha. Tá an snag breac ‘gránna’ ach tá an spideog ‘ceanndána’.

*Is maith liom rithim cheolmhar an dáin freisin Tá an rithim sa dán laistigh de shiollaí na línte. Níl ach sampla amháin ann den rím dheireadh líne agus is é sin an dá líne ag an deireadh áit a bhfuil ‘spideog cheanndána’ ag freagairt do ‘snag breac gránna’. Tá teannas amuigh ansin sa saol mór agus is é ‘ceacht baile’ an déagóra ná an teannas seo a aimsiú agus a aithint agus na scileanna cuí a fhoghlaim chun dul i ngleic leis.*

---

*Is é an dán is fearr a thaitin liom ná Nuacht a Sé ar RTÉ le Pilib Ó Brádaigh.*

## Fáthanna

- *An téama / Na téamaí:*
  - *Aoir / Magadh faoin Tíogar Ceilteach.*
  - *Dearcadh áibhéalach ar chás na tíre anois.*
  - *Dearcadh searúsach i leith An Tíogair Cheiltigh.*
- *Ábhair an dáin:*
  - *An Tíogar Ceilteach / An Cúlú Eacnamaíochta / An Téarnamh.*
- *Ornáideachas na Filíochta: An t- Ornáideachas + tagairtí don dán.*
  - *Íomhánná*
  - *Meafair*
  - *Meadaracht*
  - *Rithim*
  - *Teideal an Dáin*
  - *An greann sa dán*
  - *An searús sa dán*
  - *Áibhéal / Áiféis sa dán*

- Na Mothúcháin sa dán: An mothú + plé + tagairtí don dán.

- Áthas
- Díomá
- Sonas
- Dóchas / Éadóchas
- Bród / Mórtas
- Fearn
- Searús

- Comparáid idir Nuacht a Sé ar RTÉ agus Ceacht Baile.

- Is fearr liom Nuacht a Sé ar RTÉ ná Ceacht Baile mar: Fáth + Plé + Tagairtí do na dánta
- ✓ Is dán greannmhar é Nuacht a Sé ar RTÉ agus níl i gceist sa dán Ceacht Baile ach maoithneas agus bréag-mhothúcháin.
- ✓ Tá an file in Nuacht a Sé ar RTÉ macánta. Aithníonn sé go bhfuil baol ann go bhfillfidh An Tíogar Ceilteach arís

### Nuacht a Sé ar RTÉ le Pilib Ó Brádaigh

Is é an dán is fearr a thaitin liom ná Nuacht a Sé ar RTÉ le Pilib Ó Brádaigh.

Sa dán **Nuacht a Sé ar RTÉ le Pilib Ó Brádaigh** scrúdaíonn an file an tslí ina bhfuil an thír seo ag teacht slán as an gcúlú eacnamaíochta. Féachann sé ar an mbisiú le suíl shearúsach. Chun na fírinne a insint is léir go bhfuil an file in amhhras faoin teacht aniar a fheiceann sé thart timpeall air, go háirithe i mBaile Átha Cliath.

*'Baineadh preab as na daoine nuair a chonaic siad an tíogar ag pocléimnigh in aice le Droichead na Dothra. Is tagairt í seo do phraghasanna na dithe sa cheantar a bheith ag dul in airde arís agus rianta den rachmas a bheith le feiceáil arís sa chomharsanacht. Tá na daoine féin neirbhíseach agus amhrasach faoin rud atá ag tarlú 'Baineadh preab as daoine inniu'. Ach ní mhaireann an t-amhras ró-fhada. Tosaíonn siad ag ceiliúradh ag cur' fáilte' roimh theacht ar ais an tíogair ina measc. Tuigeann an rialtas an baol atá anseo agus bréagnaíonn an ráiteas a d'eisigh siad tuairim na ndaoine. Ní tíogar a chonaic na daoine ach 'pataire cait'.*

*Is dán é seo a chuirfeadh na cláir ghrinn pholaitíochta ar an raidió agus ar an teilifís i gcuimhne do dhuine. Tríd an áibhéal agus tríd an áiféis atá ann ardaítear go leor ceisteanna faoin mbisiú eacnamaíochta. Tá sé suimiúil agus tráthúil gur scéala nuachta ar 'Nuacht a Sé ar RTÉ' atá againn. Ó 2008 tugadh níos mó spáis agus ama craolta don ábhar seo, an cíulú eacnamaíochta, ná d'aon ábhar eile sna meáin chumarsáide. Tá an aibhéal agus an aiféis le sonrú tríd an dán go léir: an tíogar Ceilteach a bheith beo beathaithé agus feicthe ag daoine nuair nach bhfuil ann agus nach raibh ann riamh ach miotas agus measar; an baol mór atá ann dá bhfillfeadh ré rachmais eile go rachadh daoine áirithe thar fóir arís. Sa dán téann na daoine thar fóir leis an bhfáilte a fhearrann siad roimh thíogar Dhroichead na Dothra: 'Fáilte romhat ar ais anseo / i measc lucht na dtithe móra.' agus 'Oró mo phataire cait! Oró mo thíogar dílis! / Na céadta míle euro romhat / ar ais i measc do mhuintir.' Ach tá ciall cheannaithe ag rialtas an lae agus eisíonn sé ráiteas, ráiteas atá lom, borb, prósúil: 'D'eisigh an rialtas ráiteas. / Ní tíogar a chonaic na daoine, / ach ceann de na cait ramhra, / a fheictear ar fud na tíre.' Spréachann an léitheoir. Na cait ramhra! Nár bhíad na cait ramhra a chuir an lasóg sa bharrach an uair dheireannach?*

## Ceist 4.

Freagair **A** nó **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

(15 mharc)

### A

- (i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an téama céanna i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i **Ceist 3** thuas.

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin *téama sin* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *téama* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *téama* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

### B

- (i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de *na hábhair* seo thíos i gceist ann.

*Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.*

- |                  |                      |                     |
|------------------|----------------------|---------------------|
| (a) Spórt        | (b) Timpiste         | (c) Ainmhí          |
| (d) Tuismitheoir | (e) Saol na cathrach | (f) Saol na tuaithe |

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an t-ábhar* sin os ár gcomhair.

**A (i) agus B (i)**

Teideal an tsaothair = 1 mharc  
Ainm an údair = 1 mharc  
**A (ii) agus B (ii)**      Ábhar: 5 mharc  
                                  Gaeilge: 8 marc  
                                  **15 mharc**

**A** *nó* **B** = 1+1+5+8 = **15 mharc**

**Ceist 5.** Freagair A nó B nó C anseo thíos. (Ná gá níos mó ná leathleathanach a scríobh.)

Tá A, B agus C ar cómharc

- **Foirmí:** 3 mharc
- **Ábhar:** 10 marc
- **Gaeilge:** 17 marc                    **3 + 10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

1. **Na Foirmí Ceiliúrtha:**      **Seoladh:** 1 mharc  
**Beannú:** 1 mharc  
**Críoch:** 1 mharc
2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

3.	<b>Eolas</b>	<b>Gaeilge</b>
<b>Na cúig thasc comhlíonta</b>	<b>Marc as 10</b>	<b>Marc as 17</b>
<b>Ceithre thasc comhlíonta</b>	<b>Marc as 8</b>	<b>Marc as 14</b>
<b>Trí thasc comhlíonta</b>	<b>Marc as 6</b>	<b>Marc as 11</b>
<b>Dhá thasc comhlíonta</b>	<b>Marc as 4</b>	<b>Marc as 8</b>
<b>Tasc amháin comhlíonta</b>	<b>Marc as 2</b>	<b>Marc as 5</b>

4. Litreacha neamhfhoirmeálata is ea A agus B. [Beannú; Críoch] Litir fhoirmeálta is ea C. [Beannú; Críoch]

## A

Chonaic tú scannán sa phictiúrlann le déanaí. Scríobh litir chuiig do chara faoi.

I do litir luaigh

- ainm an scannáin agus príomphphointí an scéil a bhí sa scannán
- rud **amháin** a thaitin leat agus rud **amháin** nár thaitin leat i dtaobh an scannáin
- eachtra bheag **amháin** a tharla i measc an lucht féachana le linn an scannáin.

## B

Bhí col ceathrar leat as tír eile ag fanacht leat an samhradh seo caite.  
Scríobh an litir a chuir tú chuig an gcol ceathrar tamall fada tar éis dó/di dul abhaile.

I do litir luaigh

- **dhá** phíosa eolais nua faoi do mhuintir ó bhí an col ceathrar leat
- **dhá** phíosa eolais nua faoi d'ait chónaithe ó bhí an col ceathrar leat
- pointe eolais **amháin** faoi na pleananna atá agat dul ar chuairt chuig an gcol ceathrar seo.

## C

Chonaic tú alt i nuachtán le déanaí faoin teideal *Ní thugann déagóirí aire dá sláinte*.  
Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin scéal.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais a bhí san alt a n-aontaíonn tú leo
- **dhá** phointe eolais a bhí san alt nach n-aontaíonn tú leo
- moladh **amháin** atá agat féin, agus nach raibh san alt, a chabhródh le déagóirí aire a thabhairt dá sláinte.